An Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán
Department of Tourism, Culture, Arts, Gaeltacht, Sport and Media

Tionscadal Éireann Project Ireland 2040

S20 STRAITÉIS 20 BLIAIN DON GHAEILGE 2010-2030
Ár dTeanga, Ár bPobal

# SCÉIMEANNA TACAÍOCHTA GAEILGE

# IONAID GHAEILGE LASMUIGH DEN GHAELTACHT

# FOIRM IARRATAIS AGUS BILEOG EOLAIS

**Sula líontar isteach an fhoirm seo ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn ag an seoladh thíos.**

Is é an cuspóir atá leis an chuidiú caipitil a chuirtear ar fáil faoin gciste seo, an Ghaeilge a threisiú mar theanga pobail agus teaghlaigh i gcomhréir le cuspóirí Acht na Gaeltachta 2012 agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Tá an ciste seo dírithe ar ionaid Ghaeilge a thógáil/athchóiriú nó foirgnimh a cheannach le húsáid mar ionad Gaeilge agus/nó trealamh a cheannach dá leithéid d'ionaid.

**Ba chóir an t-eolas ginearálta faoin gciste ar leathanaigh 8 go 11 a léamh sula líontar an fhoirm iarratais**.

**Má tá tuilleadh eolais nó comhairle de dhíth maidir le gné ar bith den chlár nó den fhoirm seo, ná bíodh drogall ort teagmháil a dhéanamh linn:**

**An Roinn Turasóireacha, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán**
Aonad 4
Páirc Ghnó Ghaoth Dobhair
Na Doirí Beaga
Co. Dhún na nGall, F92 AK61

Teil. 07495 36800
r-phost: Diarmaid.OMordha@tcagsm.gov.ie

**DON OIFIG AMHÁIN**

Uimhir Thag::___________________

Dáta faighte:_______________

Admháil eisithe ar:_____________

## Sonraí Teagmhála

| | |
|---|---|
| **Ainm an choiste/eagrais:** | |
| **Seoladh:** | |
| | |
| | |
| | |
| | **EIRCÓD:** |
| **Uimhir ghutháin an eagrais:** | (0 ) - |
| **Seoladh r-phoist:** | |
| **Suíomh idirlín (más ann dó):** | www. |
| **Ainm an teagmhálaí:** | |
| **Seoladh r-phoist an té sin:** | |
| **Uimhir ghutháin an té sin:** | (0 ) - |
| **Uimhir fóin phóca an té sin:** | (08 ) - |
| **Sonraí teagmhála an té a bheidh ag cur comhairle theicniúil oraibh (i gcás togra tógála/athchóirithe)** | |
| **Ainm:** | |
| **Cáilíocht:** | |
| **Comhlacht:** | |
| **Uimhir ghutháin:** | |
| **Seoladh r-phoist:** | |
| **I gcás go mbeidh CPD(Clármhaoirseoir an Phróiseas Dearaidh) nó CCT (Clármhaoirseoir na Céime Tógála) i gceist tabhair sonraí:** | |

## Sonraí faoin gcoiste/eagras

| | |
|---|---|
| **Struchtúr an eagrais (i.e. coiste, cuideachta theoranta, comharchumann, eile):** Moltar duit mír 2 faoi EOLAS GHINEARÁLTA a léamh go cúramach. | |
| **Sonraí faoin struchtúr bainistíochta** | |
| **Ainm an Chathaoirligh/Stiúrthóra:** | |
| **Rúnaí:** | |
| **Cisteoir:** | |
| **Baill eile:** | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

## Sonraí Airgeadais

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Ainm ar an gcuntas bainc:** | | | |
| **Ainm an bhainc:** | | | |
| **Seoladh an bhainc:** | | | |
| **Uimhir IBAN an chuntais:** | | | |
| **Uimhir an chuntais:** | | **BIC:** | |
| **Stádas carthanach (tá/níl)?:** | | **Uimhir charthanachta:** | |
| **Uimhir thagartha cáin ioncaim an eagrais:** | | **Deimhniú Imréitigh Cánach- TC1:** | |
| **An bhfuil an t-eagras i dteideal faoisimh ó cháin bhreisluacha?** | | | |

## Sonraí faoi ábhar an iarratais

| **Déan cur síos gairid ar an obair atá beartaithe agus an riachtanas a bhaineann léi** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| **Líon daoine a úsáideann/úsáidfidh na háiseanna:** | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **Faoi 16 bliana:** | | **Idir 17 agus 60 bliain:** | | **Os cionn 60 bliain:** | |

| **Sonraí faoi na heagrais/cumainn/clubanna etc. a úsáideann agus a úsáidfidh an áis** | |
|---|---|
| **Ainm an eagrais/chumainn/chlub/eile** | **líon ball** |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |
| | |

| | | |
|---|---|---|
| **Costas measta**<br>***agus CBL san áireamh***<br>1. **Tógáil/ Ceannacht Foirgnimh**<br>2. **Trealamh** | **€** | **Tabhair sonraí faoi bhunús an chostais (i.e. tairiscintí poiblí, cé mhéad tairiscintí a fuarthas, costas measta etc.)** |

| | | |
|---|---|---|
| **Costas measta i leith seirbhísí gairmiúla** | **€** | **Tabhair sonraí faoi bhunús an chostais (i.e. tairiscintí poiblí, costas measta etc.):** |
| **An méid airgid atá agaibh féin** | **€** | **Sonraí faoin gcaoi a bailíodh an t-airgead sin agus na bearta atá idir lámha le cur leis. Ní foláir chomh maith cóip de ráiteas bainc an eagrais/choiste le 6 mhí anuas a chur ar fáil mar thaca an iarratais:** |
| **An bhfuil aon fhoinse airgid eile agaibh? Má tá, tabhair sonraí** | | |

| | | | |
|---|---|---|---|
| **Deontas atá á lorg** | **€** | **Céatadán an chostais iomláin:** | % |

| **Sonraí faoin gcúnamh Stáit (más ann dó) a fuarthas roimhe seo** | | | |
|---|---|---|---|
| **Bliain an deontais** | **Méid an deontais** | **Foinse an deontais** | **Ábhar an deontais** |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |
| | | | |

**SONRAÍ FAOI CHÚRSAÍ PLEANÁLA AGUS TEIDIL**

Má tá deontas á lorg i leith obair thógála/athchóirithe caithfear an t-eolas thíos a chur ar fáil:

| **Cúrsaí Pleanála** | |
|---|---|
| **Ní ghlacfar le hiarratas gan Cead Pleanála/Teastas Sábháilteachta Dóiteáin/Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas má bhíonn a leithéid ag teastáil, nó an dearbhú cuí ag deireadh na foirme nach bhfuil gá lena leithéid.** | |
| **An bhfuil Cead Pleanála/Teastas Sábháilteachta Dóiteáin/Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas riachtanach don obair atá beartaithe dar leat - tá/níl?** | |

| **Cúrsaí Teidil** | |
|---|---|
| **Ainm an té/eagras a bhfuil seilbh aige/aici ar theideal na maoine/an tsuímh:** | |
| **Seoladh:** | |
| | |
| | |
| **Uimhir ghutháin** | |

| | |
|---|---|
| **Uimhir fóilió na maoine :** | |
| **Sonraí teagmhála do dhlíodóra** | |
| **Ainm:** | |
| **Seoladh:** | |
| **Uimhir ghutháin:** | |
| **Seoladh r-phoist:** | |

| **Cuir síos ar na príomhchúiseanna gur chóir don Roinn tacú leis an iarratas – is féidir go mbeadh breis sonraí ag teastáil ag brath ar mhéid an iarratais:** |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| **Is é an cuspóir atá leis an chuidiú caipitil a chuirtear ar fáil faoin scéim seo, an Ghaeilge a threisiú mar theanga pobail agus teaghlaigh i gcomhréir le cuspóirí Acht na Gaeltachta 2012 agus na Straitéise 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030. Sonraigh cén dóigh a gcuideoidh an togra seo leis an sprioc sin a chur chun cinn:** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **Tairbhe eacnamaíochta, sóisialta agus cultúrtha:** |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| **Aon tairbhe eile (fostaíocht srl.):** |
| |
| |
| |
| |
| |

| **An tAcht um Shaoráil Faisnéise** |
|---|
| De réir an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is féidir leis an Roinn Turasóireacha, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán scaoileadh le faisnéis (ar iarratas) atá tugtha in iarratas agus/nó i gcáipéisí taca. Má tá aon eolas mothálach i d’iarratas, ba cheart é sin a léiriú agus míniú a thabhairt cén fáth nár chóir scaoileadh leis i gcás gur iarradh an t-eolas sin faoin Acht. I gcás go n-iarrtar ar an Roinn scaoileadh faoin Acht le haon eolas a cheaptar a bheith mothálach, rachaimid i gcomhairle leat sula ndéantar cinneadh faoi iarratas. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná do dhuine ar bith eile as caillteanas, damáiste nó costas de chineál ar bith a d’fhéadfadh eascairt go díreach nó go hindíreach as seo. |

| Cosaint Sonraí |
|---|
| Tá an Roinn tiomanta do phríobháideachas a chosaint agus a urramú agus baineann sí leas as bearta teicniúla agus eagraíochtúla cuí chun do chuid sonraí a chosaint ar rochtain neamhúdaraithe. Ní phróiseálfaidh an Roinn do chuid sonraí pearsanta chun aon chríche ach amháin chun na críche sin dár bailíodh iad. Féadfaidh sé go malartófar sonraí pearsanta le Ranna eile Rialtais, údaráis áitiúla, gníomhaireachtaí atá faoi choimirce na Roinne, nó comhlachtaí eile poiblí, i gcúinsí áirithe i gcás ina bhforáiltear amhlaidh le dlí. Ní choimeádfaidh an Roinn do shonraí pearsanta ach amháin fad a bheidh sé riachtanach chun na críche dár bailíodh iad agus dá ndearnadh próiseáil ina dhiaidh sin orthu. Nuair a rachaidh an riachtanas gnó chun an fhaisnéis seo a choimeád in éag, scrúdófar í d'fhonn na sonraí pearsanta a léirscriosadh a luaithe is féidir, agus de réir bheartas na Roinne. Is féidir Ráiteas Príobháideachais na Roinne maidir le soláthraithe, íocaithe agus deontaithe aonair a fháil ar ár suíomh gréasáin anseo. Is féidir tuilleadh faisnéise faoi Chosaint Sonraí a fháil ar ár suíomh gréasáin anseo. |

| Aon eolas ábhartha eile |
|---|
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |
| |

| Seicliosta (cuir tic sna boscaí i leith na nithe thíosluaite) | |
|---|---|
| • Ráiteas bainc/institiúid airgeadais le sé mhí anuas mar fhianaise go bhfuil maoiniú de bhur gcuid féin ar fáil agaibh don tionscnamh seo agus/nó dearbhú scríofa go bhfuil iasacht á tairgeadh ag institiúid airgeadais | ☐ |
| • Léaráid(í) | ☐ |
| • cóip de na tairiscintí: ☐ líon tairiscintí a fuarthas | ☐ |
| • cóip den fhógraíocht faoinar lorgaíodh tairiscintí | ☐ |
| • i gcás oibreacha tógála cóip den chead pleanála nó dearbhú ón Údarás Pleanála nach dteastaíonn cead pleanála | ☐ |
| • Cóip den Teastas Sábháilteachta Dóiteáin más gá | ☐ |
| • Cóip den Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas | ☐ |

**Dearbhú**

Dearbhaímid:

- go bhfuil an t-eolas agus na treoirlínte atá leagtha amach ag an Roinn san fhoirm seo léite, go dtuigimid é agus go bhfuilimid sásta cloí leo de réir mar is gá lena n-áirítear ach go háirithe na dualgais reachtúla maidir leis an Acht um Tús Áite do Leanaí , An tAcht Seirbhísí Dóiteáin 1981, An tAcht um an mBiúró Náisiúnta Grinnfhiosrúcháin (Leanaí agus Daoine Soghonta) agus An tAcht Um Chomhionannas Fostaíochta
- go bhfuil an fhaisnéis atá á tabhairt againn mar chuid den iarratas seo fíor agus cruinn
- go n-aithnímid nach mbeidh an Roinn freagrach dúinn mar iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas, costas ná damáiste d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh
- go bhfuil ár gcúrsaí cánach in ord
- nach bhfuil aon eolas mothálach inár n-iarratas ná in aon cháipéis thaca, agus tuigimid gur féidir leis an Roinn scaoileadh le cuid, nó le hiomlán an eolais chun críche an tAcht um Shaoráil Faisnéise
- go dtuigim/id go bhféadfaí pé deontas/cuid de a tharraingt siar mura gcloítear leis na coinníollacha a bheadh curtha leis
- nach ndéanfar aon sárú ar na dualgais atá orainn chomh fada is a bhaineann siad le comhionannas i gcás go gceadaítear deontas (a chuimsíonn inscne, stádas sibhialta, stádas teaghlaigh, aois, míchumas, cine, gnéas chlaonadh, ná creideamh) gan cúis chóir, chothrom agus cheart.

**Síniú an Chathaoirligh**: ______________________________________________
**Síniú an Rúnaí**:______________________________________________________
**Dáta**: ______________________________________________________________

Más deontas i leith obair thógála/athchóirithe atá á iarradh dearbhaím nach bhfuil cead pleanála/Teastas Sábháilteachta Dóiteáin/Teastas Rochtana do Dhaoine faoi Mhíchumas ag teastáil ina leith (cuir líne trid mar is cuí):
*Le síniú ag innealtóir cáilithe atá ag cleachtadh faoi láthair*:

**Ainm (Bloclitreacha)**:_________________________________________________
**Síniú**: _________________________________________________________________
**Eagras/Údarás Áitiúil**:_________________________________________________
**Cáilíocht phroifisiúnta**:_______________________________________________

## EOLAS GINEARÁLTA

Ní foláir an t-eolas a leanas a léamh go cúramach sula líontar an fhoirm iarratais.

### 1. Coinníollacha ginearálta an chláir

Is i leith obair thógála/athchóirithe agus trealaimh nó foirgneamh a cheannach a bhaineann an fhoirm iarratais seo.

Ní foláir a nótáil nár chóir oibreacha atá mar ábhar iarratais ar chúnamh a thosú gan freagra críochnúil a bheith faighte ón Roinn ar an iarratas.

**Aidhm an Chláir Chaipitil**
I gcomhthéacs aidhm na Roinne tacú le treisiú na Gaeilge mar theanga pobail agus teaghlaigh, is féidir cúnamh airgid a chur ar fáil le cuidiú leis na costais a bhaineann le háiseanna pobail a thógáil/athchóiriú nó a cheannach – ag brath ar an gcás. Is coistí/eagrais phobalbhunaithe a fheidhmíonn trí Ghaeilge agus atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht a aithnítear go hiondúil faoin chlár. Glactar le hiarratais ar chuidiú i leith trealaimh chomh maith.

**An raon cúnaimh**
D'fhéadfadh deontas nach mó ná 80% den chostas inghlactha a bheith i gceist ag brath ar an chás. Is féidir costas caipitil chomh maith le costais ghairmiúla (i.e. comhairle innealtóireachta/ailtireachta) a chur san áireamh chun críche deontais.

**Coinníollacha**
I gcás go gceadaítear deontas is iondúil go gcuirtear coinníollacha leis. Is iondúil chomh maith go n-iarrtar an obair a bheith déanta, agus cúiteamh ina leith a bheith iarrtha roimh spriocdháta a luaitear sa litir cheadúcháin. Lorgaítear Gníomhas Cúnaint agus Muirir i leith deontais €400,000 nó níos mó agus de ghnáth, coinnítear siar suas le 30% den deontas go dtí go mbíonn an coinníoll sin comhlíonta.

**Íocaíochtaí**
I gcás obair thógála/athchóirithe, íoctar deontas de ghnáth i dtráthchodanna de réir mar atá an obair ag dul ar aghaidh. Íoctar é de ghnáth, faoi réir admhálacha chomh maith le deimhniú cuí a bheith ar fáil ó innealtóir na Roinne agus an Roinn a bheith sásta go bhfuil na coinníollacha a bhaineann leis an deontas á gcomhlíonadh/comhlíonta.

**Séanadh**
Coinníonn an Roinn an ceart iarratas a dhiúltú, nó deontas/cuid de a chur ar ceal de réir mar a oireann, i gcás go dtugtar eolas bréagach don Roinn nó i gcás go dteipeann ar an iarratasóir coinníollacha an deontais a chomhlíonadh chun sástacht na Roinne. Ní bheidh an Roinn freagrach don iarratasóir ná d'aon pháirtí eile as aon chaillteanas, damáiste, ná as costas d'aon chineál a bhaineann le hiarratas a dhéanamh.

### 2. Cé atá cáilithe chun iarratas a dhéanamh?

Le bheith cáilithe chun iarratas a dhéanamh ar chúnamh caipitil faoi Scéimeanna Tacaíochtaí Gaeilge is gá na bunchritéir cháilithe a leanas a bheith comhlíonta ag iarratasóir féideartha:

Coiste Pobail/Cumann

1. Grúpa féinriartha atá lonnaithe lasmuigh den Ghaeltacht a fheidhmíonn trí Ghaeilge ar leas foriomlán na Gaeilge; atá stiúrtha go daonlathach; a fheidhmíonn ar bhonn deonach agus seachbhrabúsach; (not for profit) agus atá comhdhéanta de dhaoine a thagann le chéile faoi réir comhaontú scríofa (ar nós bunreacht) chun aidhmeanna faoi leith a bhaint amach tríd a gcuid gníomhaíochtaí a eagraítear trí Ghaeilge atá ar leas an phobail lena mbaineann (mar shampla: coiste pobail, cumann spóirt/drámaíochta);

2. Oifigigh faoi leith a bheith ceaptha chun cúram a dhéanamh de dhea-riaradh an choiste/chumainn lena n-áirítear: Cathaoirleach, Rúnaí, agus Cisteoir. Ní ghlacfar le hiarratais ó chóistí comhdhéanta de theaghlaigh;

3. Cuntas bainc faoi leith a bheith acu atá in ainm an choiste/an chumainn agus cuntas ioncaim agus caiteachais a bheith ar fáil ina dtugtar léargas soiléir ar ghnóthaí airgeadais an choiste/chumainn;

4. Coiste/Cumann, i dtuairim prima facie na Roinne, a bheadh in ann na critéir agus na coinníollacha éagsúla atá rianaithe i bhfoirm iarratais/leathán eolais an chláir mar a bhaineann sé le cúnamh reatha agus caipitil faoi seach a chomhlíonadh ach deontas a bheith ceadaithe acu faoi.

## 3. Conas iarratas a dhéanamh?

Sula líontar isteach an fhoirm seo ba chóir teagmháil a dhéanamh leis an Roinn. Tar éis an cás a phlé leis an Roinn ag am cuí iarrfar ort an fhoirm iarratais seo a chomhlánú agus í a sheoladh ar aghaidh chuig an Roinn ag an seoladh ar leathanach 1 in éineacht le pé cáipéisí tánaisteacha eile is gá.

## 4. Rialacháin a bhaineann le hÁbhair Iarratais ar fiú os cionn €400,000 é

I gcás go gceadaítear €400,000 nó níos mó beidh gníomhas muirir i gceist (ní bheidh an Roinn freagrach as aon chostas a thabhóidh an t-iarratasóir mar thoradh ar ghníomhas muirir a bheith á chur ar an maoin).

Is é an Gníomhas, a chláraíonn muirear dlíthiúil ar réadmhaoin a ceadaíodh deontas ina leith agus a dheimhníonn don Roinn bhur ráthaíocht dúinn go n-úsáidfear an réadmhaoin chun na críche atá ráite agaibh i bhur n-iarratas. Má éirítear as an réadmhaoin a úsáid chun na críche seo, is féidir leis an Roinn a éileamh go ndéanfadh sibh aisíoc ar an deontas. Ní íocfar tráthchuid deireanach 33.33% den deontas ach nuair atá an Gníomhas seo críochnaithe agus forghníomhaithe go bailí ag ionadaithe bhur n-eagraíochta agus thar ceann an Aire/Aire Stáit.

I gcás tograí móra caipitil níos mó ná €400k, ní mór costais saolré (agus an bealach a sheasfar iad) a chur ar fáil. Ba cheart go gclúdófaí sa chostas saolré san ioncaim agus caiteachas bliantúil ar a n-áirítear costais riaracháin, costas pá, cáin, acmhainní a ghinfear mar thoradh ar an infheistíocht &rl.

| 5. Critéir Cháilithe |
|---|
| • Ábharthacht an togra do chuspóirí na Roinne agus don Straitéis 20 Bliain don Ghaeilge 2010-2030, don Phlean Gníomhaíochta 2018-2022 mar aon leis bPlean Forbartha Náisiúnta 2018-2027 (Tionscadal Éire 2040).<br>• Eolas iomlán, cruinn agus fíor a bheith curtha ar fáil agus géilliúlacht le rialacháin agus treoirlínte ábhartha pleanála agus tógála, soláthar poiblí, sláinte agus sábháilteachta. |
| **6. Príomhchritéir Mheasúnaithe** |
| • Riachtanas na hoibre<br>• Tairbhe an togra don Ghaeilge agus don gheilleagar chomh maith le tairbhe chultúrtha agus shóisialta<br>• Tionchar an togra ar bhaile seirbhíse Gaeltachta nó líonra Gaeilge<br>• Áiseanna cosúil leis ar fáil go háitiúil cheana<br>• Costas/tairbhe an togra (lena n-áirítear costas thar shaolré an togra - mar a oireann)<br>• Oiriúnacht agus acmhainn an iarratasóra (lena n-áirítear acmhainn airgeadais)<br>• Maoiniú ar fáil/a d'fhéadfadh a bheith ar fáil ó fhoinsí eile<br>• Maoiniú curtha ar fáil cheana féin (ag cur san áireamh tograí eile sa cheantar mar a oireann)<br>• Soláthar airgid na Roinne agus éilimh eile |
| **7. Na critéir a bhaineann le héagsúlachtaí sa leibhéal cúnaimh** |
| Ábharthacht an togra do chuspóirí na Roinne; tairbhe an togra; éilimh eile; airgead ar fáil |
| **Conas achomharc a lorg** |
| Is féidir achomharc a lorg ach scríobh chuig:<br><br>An tArd-Rúnaí<br>An Roinn Turasóireacha, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt & Meán<br>23 Sráid Chill Dara<br>Baile Átha Cliath 2 |
| **Cúrsaí Soláthair Phoiblí** |
| Tá sé mar aidhm ag na rialacha agus na treoirlínte atá i bhfeidhm ó thaobh soláthair phoiblí an luach is fearr agus is féidir ar airgead a chinntiú don iarratasóir agus don Stát araon trí nósanna imeachta córa agus trédhearcacha i dtaca le gach gné ábhartha den phróiseas faoina roghnaítear tairiscintí a bheith i bhfeidhm. Is ar chostas measta oibre/trealaimh atá na tairseacha thíosluaite bunaithe (le fáil anseo agus anseo).<br><br>**<u>OIBREACHA AGUS SEIRBHÍSÍ GAOLMHARA</u>**<br><br>Baineann na treoirlínte a leanas le hoibreacha agus seirbhísí gaolmhara amháin. Tá an t-eolas a leanas bunaithe ar na treoirlínte atá ar fáil ar shuíomh idirlín na hOifige um Sholáthar Rialtais: https://ogp.gov.ie/ (go háirithe anseo agus anseo) chomh maith leis an suíomh idirlín www.constructionprocurement.gov.ie (CWMF). Moltar an t-eolas atá ar na suíomhanna sin a scrúdú go cúramach sula ndéantar iarratas.<br><br>**<u>Obair thógála/athchóirithe</u>**<br><br>• **Costas measta níos lú ná €200,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir **<u>5 thairiscint</u>** i scríbhinn ó chonraitheoirí a roghnaíonn an t-iarratasóir féin agus an tnúthán a bheith ann, agus iad á roghnú, go gcuirfidh gach conraitheoir tairiscint ar fáil. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gconraitheoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta. |

- **Costas measta idir €200,000 agus €250,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg ar shuíomh www.etenders.ie ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure).

- **Costas measta idir €250,000 agus €5,350,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh):** Ní foláir tairiscintí a lorg, ar shuíomh idirlín www.etenders.ie, ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure) nó an mhodha shrianta (restricted procedure).

- **Costas measta os cionn €5,350,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh)**: Ní foláir iad a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ar www.etenders.ie.

Cé go bhfuil cead obair thógála/athchóirithe a roinnt i gcodanna faoi leith, agus conradh a bhronnadh i leith gach coda, caithfear costas iomlán na hoibre a chur san áireamh lena chinntiú nach mbeadh sárú ar na rialacháin um sholáthar poiblí. Beag beann ar sholáthar poiblí, moltar an obair a bhronnadh mar chuid d'aon chonradh amháin (mura bhfuil cúis mhaith ann) le go mbeadh an fhreagracht ar chonraitheoir amháin agus gan aon amhras nó éiginnteacht a bheith ann i gcás go raibh deacracht leis an obair i ndiaidh í bheith déanta.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir sna tairiscintí go bhfuil comparáid á dhéanamh idir na hábhair/seirbhísí c(h)éanna ó thaobh sonraíochta (spec) etc. de agus go bhfuil feidhm cúpla míosa ar a laghad ag na tairiscintí ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

**Ar mhaithe le deacracht ar bith a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint, b'fhearr comhairle a lorg ón Roinn faoi seo ar fad sula lorgaítear aon tairiscintí de réir mar a oireann.**

**<u>Seirbhísí gaolmhara (ailtireacht/innealtóireacht agus a leithéid)</u>**

- **Costas measta níos lú ná €5,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh)**: Ní foláir **<u>1 thairiscint</u>** i scríbhinn a fháil ó chomhairleoir. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gcomhairleoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

- **Costas measta idir €5,000 agus €50,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh)**: Ní foláir **<u>5 thairiscint</u>** i scríbhinn a fháil ó chomhairleoirí a roghnaíonn an t-iarratasóir féin agus an tnúthán a bheith ann, agus iad á roghnú, go gcuirfidh gach comhairleoir tairiscint ar fáil. Caithfidh an t-iarratasóir iad féin a shásamh go bhfuil an taithí chuí ag an gcomhairleoir le tabhairt faoin obair atá i gceist, chomh maith le taithí chuí ar chúrsaí sláinte agus sábháilteachta.

- **Costas measta idir €50,000 agus €139,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh)**: Ní foláir tairiscintí a lorg ar shuíomh www.etenders.ie, ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure).

- **Costas measta os cionn €139,000 (<u>gan</u> CBL san áireamh)**: Ní foláir iad a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ar www.etenders.ie.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir sna tairiscintí go bhfuil comparáid á dhéanamh idir na hábhair/seirbhísí c(h)éanna ó thaobh

sonraíochta (spec) etc. de agus go bhfuil feidhm cúpla míosa ar a laghad ag na tairiscintí ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

**Conradh (i leith oibreacha tógála/athchóirithe agus seirbhísí gaolmhara)**

Caithfear doiciméid chonartha atá ceadaithe ag an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe agus atá foilsithe ar shuíomh idirlín www.constructionprocurement.gov.ie a úsáid i gcás go mbronntar conradh. Is féidir an múnla conartha dar teideal *"Contract for Minor Building and Civil Engineering Works Designed by the Employer"* (PW-CF5) nó an múnla dar teideal *"Public Works Short Form of Contract"* (PW-CF6) a úsáid i leith oibreacha. Ní cheadaítear aon leasú a dhéanamh ar fhoclaíocht na gconarthaí agus ní féidir aon chonradh eile a úsáid gan cead a bheith faighte roimh ré on gCoiste Rialtais um Chonarthaí Tógála/Government Construction Contracts Committee (Feic Ciorclán 07/10 na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe). Ní foláir a nótáil nach bhfuil cead suimeanna sealadacha (PC Sums) a úsáid i PW-CF5 nó PW-CF6 (Feic GN 1.5 sa CWMF).

Má tá comhairleoirí le ceapadh (ailtire, innealtóirí, suirbhéir cainníochta nó a leithéid) is gá iad a cheapadh bunaithe ar an gconradh dar teideal *"Standard Conditions of Engagement for Consultancy Services (Technical)"*.

**SEIRBHÍSÍ & SOLÁTHAIRTÍ (E.G. TREALAMH/TROSCÁN)**

- **Costas measta níos lú ná €50,000 (gan CBL san áireamh):** Ní foláir **trí thairiscint** i scríbhinn a lorg.
- **Costas measta idir €50,000 agus €139,000 (gan CBL san áireamh)**: Ní foláir tairiscintí a lorg ar www.etenders.ie ag úsáid an mhodha oscailte (open procedure).
- **Costas measta os cionn €139,000 (gan CBL san áireamh)**: Ní foláir iad a lorg san OJEU (Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh) agus ar www.etenders.ie.

Cé go bhfuil cead ábhar an deontais a roinnt agus conradh a bhronnadh i leith gach coda, is gá costas iomlán an tsoláthair a chur san áireamh lena chinntiú nach mbeadh sárú ar na rialacháin um sholáthar poiblí.

Mar nóta, chun a chinntiú nach gcuirfear moill le próiseáil an iarratais mar gheall ar chúrsaí a bhaineann leis an ábhar seo, is gá a chinntiú chomh fada agus is féidir go bhfuil sé soiléir ó na tairiscintí go bhfuil comparáid á déanamh idir na soláthairtí céanna ó thaobh sonraíochta etc. de agus go bhfuil feidhm cúpla míosa ar a laghad ag na tairiscintí ionas nach mbeidh siad imithe in éag fad is atá an t-iarratas á mheas.

**Más amhlaidh go bhfuil 50% nó níos mó de mhaoiniú na heagraíochta ag teacht ó fhoinsí Stáit, tá an eagraíocht sin i dteideal úsáid a bhaint as creata soláthair phoiblí an Rialtais.**